Foirm Iarratais don

# TACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA

Iarratas chuig:

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ATHA CLIATH

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## Tábhachtach: Léigh An Fhaisnéis Seo A Leanas Go Cúramach, Le Do Thoil

1. Más rud é nach bhfuil tú cinnte faoi conas aon cheann de na ceisteanna atá san fhoirm iarratais seo a fhreagairt, iarr ar chabhair a fháil ó oifigeach de chuid na Rannóige Tithíochta nó an Aonaid Seirbhíse do Chustaiméirí san údarás áitiúil nó ón Ionad Faisnéise Saoránach i do cheantar féin.

2. Agus tú ag tabhairt faoi an fhoirm seo á líonadh isteach, déan cinnte de go scríobhann tú go soiléir, le do thoil, ionas go mbeifear in ann d'iarratas a phróiseáil chomh tapa is gur féidir.

3. Déan cinnte de go bhfreagraíonn tú gach aon cheann de na ceisteanna a bhaineann le do chás féin ina iomláine. Mura bhfreagraíonn tú na ceisteanna go léir a bhaineann leat ina n-iomláine, féadfar nach dtabharfar an tosaíocht cheart duit maidir leis an tithíocht nó go mbeidh orainn an fhoirm a chur ar ais chugat, agus go gcuirfeadh sé sin moill ar d'iarratas. Ní mbeifear ag próiseáil iarratais nach bhfuil comhlánaithe go huile is go hiomlán.

4. Tá feidhm iomlán ag do chearta mar ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus beidh siad leagtha amach go soiléir sna beartais agus nósanna imeachta ábhartha um chosaint sonraí don údarás áitiúil leis a bhfuil tú ag déanamh d'iarratas. Má tá aon cheist agat maidir le do chearta faoin RGCS, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí atá ainmnithe don údarás áitiúil sin. Cuirfidh an t-údarás áitiúil é féin sonraí ar fáil duit faoi conas an fiosrú atá agat a chur isteach.

5. Ní féidir an t-iarratas seo a chríochnú gan Uimhir Seirbhíse Poiblí Pearsanta (UPSP) a bheith agat le haghaidh gach uile duine den sa teaghlach atá luaite ar an bhfoirm iarratais. Más rud é nach bhfuil eolas agat cad é an UPSP atá ag aon leanaí a bhfuil tú ag lorg cóiríocht dóibh, is féidir í a fháil amach, ach teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Leasa Shóisialaigh i do cheantar féin ar an teileafón nó go pearsanta. Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh ort an UPSP atá agat féin a bheith idir lámha agat.

**6.** Caithfidh tú an na cáipéisí tacaíochta ábhartha go léir a sholáthar ionas gur féidir d'iarratas a phróiseáil. Bain úsáid as an seicliosta atá curtha ar fáil, le do thoil, chun a chinntiú go bhfuil gach rud atá riachtanach chun d'iarratas a mheas curtha san áireamh agat.

---

**7.** Ní féidir an t-iarratas seo a chomhlánú gan fianaise dhoiciméadach a bheith agat ar na mionsonraí ioncaim a chuirtear san iarratas seo, mar atá sonraithe sa seicliosta thíos.

---

**8.** Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige faoi Achtanna na dTithe 1966-2014, féadfar don údarás áitiúil faisnéis a iarraidh agus a fháil ó údarás áitiúil eile, ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, ón nGarda Síochána, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ó Comhlacht Ceadaithe Tithíochta i ndáil le háititheoirí nó áititheoirí ionchasacha tithíochta údaráis áitiúil, nó iarratasóirí ar thithíocht údaráis áitiúil. Féadfar do chuid sonraí a bheith roinnte le comhlachtaí poiblí eile de réir an dualgas atá orainn chun an chalaois a chosc agus a bhrath.

---

**9.** Ba cheart aon athrú a tharlaíonn maidir leis na sonraí atá curtha síos ag seo, go háirithe aon athrú ar do sheoladh nó ar d'ioncam, a chur in iúl don údarás áitiúil láithreach bonn ionas gur féidir do thaifead a nuashonrú.

---

**10.** Ceanglaítear ar údaráis áitiúla tuairisciú don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta uair sa bhliain ar líon na dteaghlach a bhfuil tacaíocht tithíochta sóisialta de dhíth orthu, trí phróiseas ar a dtugtar Achoimre ar Mheasúnuithe um Thithíocht Shóisialta. D'fhéadfar sé go n-éileodh an próiseas seo orainn teagmháil a dhéanamh leat amach anseo chun iarraidh ort a dhearbhú go bhfuil na sonraí atá curtha síos ar an bhfoirm seo cruinn agus cothrom le dáta. Mura bhfaightear freagra ar iarraidh dá leithéid sin, féadfar d'iarratas ar thithíocht a dhúnadh. Féadfar faisnéis a sholáthraítear tríd an bpróiseas seo a roinnt le Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun an tuarascáil ar Mheasúnú Achomair a thiomsú, ar achoimre staitistiúil í ar an leibhéal náisiúnta a threoróidh beartas agus pleanáil don todhchaí i dtéarmaí an riachtanais náisiúnta tithíochta.

---

**11.** **Déan cinnte de, le do thoil, go bhfuil an fhaisnéis ábhartha chomh maith leis na cáipéisí tacaíochta uile chun d'iarratas a phróiseáil curtha isteach agat.** Tabhair do d'aire, áfach, go bhféadfaidh an t-údarás áitiúil cáipéisí tacaíochta breise a iarraidh níos déanaí.

# SEICLIOSTA DO NA hIARRATASÓIRÍ

**Moltar go láidir d'iarratasóirí a n-iarratais a chur isteach go pearsanta san oifig seo, toisc gur minic nach mbíonn iarratais a thagann isteach sa phost críochnaithe i gceart agus nach mór iad a sheoladh ar ais dá bharr.**

**Cinntigh le do thoil go bhfuil na cáipéisí bunaidh seo a leanas san áireamh i d'iarratas (teastaíonn aistriúchán oifigiúil go Gaeilge nó Béarla, nuair is cuí):**

## 1. Eolas Pearsanta

- Foirm iarratais comhlánaithe go críochnúil (lena n-áirítear dearbhuithe sínithe) ☐
- Cruthúnas aitheantas fótagrafach (pas reatha nó ceadúnas tiomána Éireannach reatha) ☐
- Teastais Bhreithe le haghaidh gach uile dhuine sa teaghlaigh ☐
- UPSP le haghaidh gach uile dhuine sa teaghlach ☐
- Deimhnithe pósta do gach uile iarratasóir, nuair is ábhartha ☐
- Cruthúnas ar do sheoladh reatha (bille fóntais, ráiteas léasa nó cíosa) – i dtaca le gach iarratasóir, nuair is ábhartha ☐
- Má tá aonad glactha agat ar cíos, cruthúnas ar chomhaontú tionóntachta agus ar chlárúcháin leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC), nuair atá sé ar fáil ☐
- Cruthúnas saoránachta nó cead fanacht in Éirinn i dtaca le gach aon bhall den teaghlach (m.sh. litir ón Roinn Dlí agus Cirt nó a choibhéis ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Imirce). ☐

---

## 2. Faisnéis Ioncaim (i ndáil le gach aon bhall den teaghlach, nuair is ábhartha)

- Fianaise ar ioncam (socraigh go gcomhlánófar an Deimhniú Ioncaim a ghabhann leis, mura miste) ☐

**Fostaithe**

- Fianaise dhoiciméadach ar ioncam don tréimhse 12 mhí is deireanaí trí theaglaim de na nithe seo a leanas: ☐
  - Ráiteas Dliteanais i dtaca leis an bhliain díreach roimhe seo (ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim);
  - Cruthúnas ar ioncam reatha an teaghlaigh, i.e. duillíní pá don idirthréimhse idir an Ráiteas Dliteanais agus dáta an iarratais.

**Ioncam Leasa Shóisialaigh**

- Ráiteas le déanaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus mionsonraí ann faoi na híocaíochtaí leasa uile a fuarthas agus an dáta tosaithe a bhfuarthas na híocaíochtaí sin. Má tá teaghlach ag fáil leasa shóisialaigh ar feadh níos lú ná 12 mhí, ní mór Ráiteas Dliteanais don bhliain roimhe sin a sholáthar chomh maith le duillíní pá don tréimhse eatramhach, nuair is cuí. ☐

**Féinfhostaithe**

- Cuntais 2 bhliain ar a laghad, agus Tuarascáil Iniúchóra ag gabháil leo, agus ☐
- Fógra Measúnaithe agus/nó Litir Admhála Féinmheasúnaithe don 12 mhí is deireanaí ☐

---

## 3. Cáipéisí a Ghabhann le hIdirscaradh/Colscaradh atá ag Teastáil

– Cóip den chomhaontú idirscartha/colscartha don bheirt iarratasóirí, nuair isábhartha.
Ní mór don chomhaontú a shainaithint:
- Méid na cothabhála atá ar fáil nó á íoc ag an iarratasóir
- Na himthosca faoinar féidir deireadh a chur leis na híocaíochtaí cothabhála

– Mura bhfuil comhaontú ann, caithfear litir ó aturnae an iarratasóra nó mionnscríbhinn dlí arna síniú ag aturnae cleachtach a chur leis an iarratas. Ba chóir go ndeimhneofaí sa litir:
- Nach bhfuil comhaontú idirscartha oifigiúil ann
- Nach bhfuil aon imeachtaí cúirte ar feitheamh faoin reachtaíocht um dlí an teaghlaigh
- An staid cúrsaí maidir le híocaíochtaí cothabhála agus íocaíochtaí eile
- Socruithe rochtana/coimeádta thar oíche i ndáil le leanaí
- Úinéireacht Mhaoine
- Fianaise ar íocaíochtaí cothabhála a fuarthas le linn na 12 mhí roimhe sin díreach roimh dháta an iarratais

## 4. Úinéireacht Mhaoine

– Má tá maoin agat féin nó ag aon bhall de do theaghlach faoi láthair, teastaíonn mionnscríbhinn nó aon cháipéisí eile arna iarraidh ag an údarás áitiúil agus suíomh, luach, agus stádas reatha na maoine sonraithe iontu, chomh maith le haon airgead a fhaightear i leith na maoine.

## 5. Cáipéisí Riachtanacha Eile

– Mura bhfuil tú i do chónaí i limistéar an údaráis áitiúil ina bhfuil tacaíocht tithíochta á lorg agat, tabhair fianaise le do thoil ar an nasc atá agat leis an gceantar áitiúil sin

– Má bhí tú féin nó aon bhall de do theaghlach mar thionónta de chuid údaráis áitiúil/Comhlachta Ceadaithe Tithíochta (CCT) roimhe seo, tabhair litir ón údarás áitiúil/CCT ina raibh cónaí agat féin nó ag an mball teaghlaigh agus na sonraí maidir leis an tionóntacht sin leagtha amach inti. Ba cheart go n-áireofaí sa litir seo fad ama na tionóntachta, an chúis gur cuireadh deireadh leis, na riaráistí agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

– Más mian leat iarratas a dhéanamh ar theach tuaithe aonair nó ar áitreabh in-aistrithe, cuir na cáipéisí riachtanacha a ghabhann leis san áireamh (féach Cuid 8 den fhoirm seo)

– Má mheastar nach bhfuil do mhorgáiste iniompartha a thuilleadh agus gur imigh tú ón bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (MARP), cuir litir ó Aonad Tacaíochta Riaráistí d'iasachtóra san áireamh.

## 6. Iarratais ar Fhorais Leighis nó Míchumais (más ábhartha)

– Foirm um Fhaisnéis Leighis agus/nó Míchumais comhlánaithe (Foirm 1 HMD), atá le fáil ón údarás áitiúil i do cheantar féin

– Tuarascáil an teiripeora saothair maidir le haon riachtanais chóiríochta ar leith atá ann

D'ainneoin na cáipéisí riachtanacha atá leagtha amach thuas ag pointí 1-6, i gcásanna áirithe, mar shampla, nuair nach féidir cáipéis áirithe a sholáthar, féadfar don údarás áitiúil, dá rogha féin, cáipéisí malartacha a iarraidh chun é féin a shásamh maidir leis an bhfaisnéis shonrach atá á lorg.

**UIMH. THAGARTHA AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL:** ____________

# CUID 1: SONRAÍ PEARSANTA

**Comhlánaigh an cuid ag seo a leanas i dtaca leat féin agus le hIarratasóir 2 (más ábhartha).**

**Freagair GACH ceist le do thoil agus cuir tic (✓) na boscaí ábhartha. Bain úsáid as BLOCLITREACHA.**

**Cuir tic sa bhosta más comhiarratas atá ann** ☐

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 1. UPSP | UIMHREACHA / LITREACHA | UIMHREACHA / LITREACHA |
| 2. Céadainm (neacha) | | |
| Sloinne | | |
| Sloinne breithe (más éagsúil é) | | |
| 3. Seoladh reatha | | |
| Éirchód | | |
| Cé chomh fada is a bhfuil tú i do chónaí ag an seoladh seo? | BLI AN / MÍONNA | BLI AN / MÍONNA |
| 4. Uimhir fóin/fóin phóca | | |
| 5. Dáta breithe (cuir na teastais bhreithe i gceangail leis) | L L M M B B | L L M M B B |
| 6. Inscne | | |
| 7. Mionsonraí pósta | Singil ☐ Pósta ☐ Páirtí Sibhialta ☐ Ag Comháitiú ☐ Eile ☐ Baintreach/ Baintreach Fir ☐ Colscartha ☐ Scartha ☐ Idirscartha Go Dlíthiúil ☐ | Singil ☐ Pósta ☐ Páirtí Sibhialta ☐ Ag Comháitiú ☐ Eile ☐ Baintreach/ Baintreach Fir ☐ Colscartha ☐ Scartha ☐ Idirscartha Go Dlíthiúil ☐ |

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| Dáta an phósta (más bainteach) (cuir an deimhniú pósta i gceangail) | L L M M B B | L L M M B B |
| 8. Luaigh an gaol atá idir Iarratasóir 2 agus Iarratasóir 1 | | |
| 9. Cuir tic sa bhosca más mian leat faisnéis a fháil trí ríomhphost | | |
| Seoladh ríomhphoist | | |

## CUID 2: SONRAÍ MAIDIR LEIS AN NÁISIÚNTACHT

**Comhlánaigh an cuid ag seo a leanas i dtaca leat féin agus le hIarratasóir 2 (más ábhartha).**

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 1. An áit agus/nó an tír inar rugadh tú: | | |
| 2. Náisiúntacht | | |
| 3. Teanga a labhraíonn sé/sí go hiondúil | | |
| 4. Stádas saoránachta (cuir cruthúnas saoránachta i gceangail leis) | Éire ☐ RA ☐<br>LEE Eile* ☐ Neamh-LEE ☐ | Éire ☐ RA ☐<br>LEE Eile* ☐ Neamh-LEE ☐ |
| Dáta iontrála in Éirinn (más ábhartha) | L L M M B B | L L M M B B |
| **Más rud é nach náisiúnach LEE nó RA tú:**<br>Bunús an tréimhse dó fanacht in Éirinn (cuir cóip den chead cónaithe i gceangail) | | |

* LEE: tagraíonn sé seo don Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), a bhfuil na stáit seo a leanas mar bhaill-stáit dá chuid: An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn.

# CUID 3: SONRAÍ FOSTAÍOCHTA

**Comhlánaigh an cuid ag seo a leanas i dtaca leat féin agus le hIarratasóir 2 (más ábhartha).**

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 1. Stádas fostaíochta | Fostaithe (lánaimseartha nó páirtaimseartha) ☐ | Fostaithe (lánaimseartha nó páirtaimseartha) ☐ |
| | Féinfhostaithe ☐ | Féinfhostaithe ☐ |
| | Ag glacadh páirt i scéim fostaíochta de chuid an Rialtais (scéim SOLAS, m.sh.) ☐ | Ag glacadh páirt i scéim fostaíochta de chuid an Rialtais (scéim SOLAS, m.sh.) ☐ |
| | Dífhostaithe (ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh) ☐ | Dífhostaithe (ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh) ☐ |
| | Pinsinéir/Ar Scor ☐ | Pinsinéir/Ar Scor ☐ |
| | Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ☐ | Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ☐ |
| | Cúramaí Baile (ag tabhairt aire don líon tí/teaghlach nach bhuil aon ioncam á fháil aige) ☐ | Cúramaí Baile (ag tabhairt aire don líon tí/teaghlach nach bhuil aon ioncam á fháil aige) ☐ |
| | Dalta/Mac Léinn ☐ | Dalta/Mac Léinn ☐ |
| | Eile (Sonraigh, le do thoil) | Eile (Sonraigh, le do thoil) |
| 2. Ainm an fhostóra (i gcás duintatá féinfhostaithe, cuir síos ainm na cuideachta) | | |
| 3. Seoladh an fhostóra (i gcás duine atá féinfhostaithe, cuir síos seoladh na cuideachta) | | |
| 4. Gairm | | |
| 5. Stádas fostaíochta (post buan, lánaimseartha, páirtaimseartha, m.sh.) | | |
| 6. An dáta ar cuireadh tús leis an tréimhse fostaíochta reatha | L L M M B B | L L M M B B |

# CUID 4: SONRAÍ IONCAIM SEACHTAINIÚIL

**Comhlánaigh an cuid ag seo a leanas i dtaca leat féin agus le hIarratasóir 2 (más ábhartha).**

## Luaigh an t-ollioncam seachtainiúil, le do thoil

**Is éard is ollioncam ann ná an méid airgid a thuilltear san iomlán roimh aon asbhaintí a bheith bainte de. Ba cheart go mbeadh na cáipéisí ábhartha áirithe chun gach aon fhoinse ioncaim a chruthú, i.e. ráiteas leasa shóisialaigh, Ráiteas Dliteanais (nó a choibhéis), duillíní pá.**

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 1. Post | € | € |
| 2. Féinfhostaíocht | € | € |
| 3. Cineálacha íocaíochtaí | | |
| Leasa sóisialaigh | | |
| Íocaíochtaí leasa sóisialaigh (iomlán) | € | € |
| 4. Foinsí ioncaim eile | € | € |
| Más ann, cuir mionsonraí síos fúthu | | |
| 5. Cothabháil faighte (más ábhartha) | € | € |

## Luaigh na hasbhaintí seachtainiúla uile, mura miste

| | IARRATASÓIR 1 | IARRATASÓIR 2 |
|---|---|---|
| 6. Asbhaintí seachtainiúla | | |
| ÍMAT | € | € |
| ÁSPC | € | € |
| Muirear Sóisialach Uilíoch | € | € |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) | € | € |
| 7. Eile | € | € |
| Más ann, cuir mionsonraí síos fúthu | | |
| 8. Asbhaintí iomlána | € | € |

# CUID 5: SONRAÍ NA mBALL EILE DEN TEAGHLACH ATÁ AG IARRAIDH NA CÓIRÍOCHTA

**(i.e. gan Iarratasóir 1 ná Iarratasóir 2 a áireamh)**
**Déan an bhileog seo a chóipeáil le haghaidh tuilleadh ball teaghlaigh, más gá.**

| | BALL EILE DEN TEAGHLACH 1 | BALL EILE DEN TEAGHLACH 2 |
|---|---|---|
| 1. UPSP | UIMHREACHA / LITREACHA | UIMHREACHA / LITREACHA |
| 2. Céadainm(neacha) | | |
| Sloinne | | |
| Sloinne breithe (más éagsúil é) | | |
| 3. Dáta breithe (cuir an teastas bhreithe i gceangail leis) | L L M M B B | L L M M B B |
| 4. Tír bhreithe | | |
| 5. Náisiúntacht | | |
| 6. Inscne | | |
| 7. Stádas Pósta | | |
| 8. Gaol leis an iarratasóir | | |
| 9. Seoladh reatha | | |
| Éirchód | | |
| Cé chomh fada is a bhfuil an ball den teaghlach seo ina chónaí ag an seoladh seo? | BLIAN / MÍONNA | BLIAN / MÍONNA |

| | BALL EILE DEN TEAGHLACH 1 | BALL EILE DEN TEAGHLACH 2 |
|---|---|---|
| 10. An cleithiúnaí é an ball seo den teaghlach? | Is é ☐ Ní hé ☐ | Is é ☐ Ní hé ☐ |
| An comhiarratasóir é an ball seo den teaghlach? | Is é ☐ Ní hé ☐ | Is é ☐ Ní hé ☐ |
| 11. Stádas saoránachta (cuir cruthúnas saoránachta i gceangail leis) | Éire ☐ RA ☐<br>LEE Eile* ☐ Neamh-LEE ☐ | Éire ☐ RA ☐<br>LEE Eile* ☐ Neamh-LEE ☐ |
| Dáta iontrála in Éirinn (más ábhartha) | L L M M B B | L L M M B B |
| **Murab náisiúnach LEE nó RA an ball teaghlaigh:**<br>Bunús an tréimhse dó fanacht in Éirinn (cuir cóip den chead cónaithe i gceangail) | | |
| 12. Stádas fostaíochta | Fostaithe (lánaimseartha nó páirtaimseartha) ☐<br>Féinfhostaithe ☐<br>Ag glacadh páirt i scéim fostaíochta de chuid an Rialtais (scéim SOLAS, m.sh.) ☐<br>Dífhostaithe (ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh) ☐<br>Pinsinéir/Ar Scor ☐<br>Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ☐<br>Cúramaí Baile (ag tabhairt aire don líon tí/teaghlach nach bhfuil aon ioncam á fháil aige) ☐<br>Dalta/Mac Léinn ☐<br>Eile (Sonraigh, le do thoil) | Fostaithe (lánaimseartha nó páirtaimseartha) ☐<br>Féinfhostaithe ☐<br>Ag glacadh páirt i scéim fostaíochta de chuid an Rialtais (scéim SOLAS, m.sh.) ☐<br>Dífhostaithe (ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh) ☐<br>Pinsinéir/Ar Scor ☐<br>Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ☐<br>Cúramaí Baile (ag tabhairt aire don líon tí/teaghlach nach bhfuil aon ioncam á fháil aige) ☐<br>Dalta/Mac Léinn ☐<br>Eile (Sonraigh, le do thoil) |
| 13. Glanioncam seachtainiúil | € | € |

* Féach an fonóta ar leathanach 06.

# CUID 6: CÓIRÍOCHT REATHA

## Cineál na Tionachta

1. Roghnaigh an cineál tionachta atá agat faoi láthair ón liosta thíos

| | |
|---|---|
| Teaghlach príobháideach | ☐ |
| Cóiríocht phríobháideach ar cíos | ☐ |
| Cóiríocht ar cíos ón údarás áitiúil | ☐ |
| Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT) | ☐ |
| An Scéim Cóiríochta Cíos (SCC) | ☐ |
| Íocaíocht Chúnamh Tithíochta (ÍCT) | ☐ |
| Cóiríocht éigeandála/Faic | ☐ |
| Eile | ☐ |

Tabhair mionsonraí faoi, más 'Eile' a roghnaíodh

2. Má roghnaigh tú **teaghlach príobháideach,** déan cinnte le do thoil go gcomhlánaíonn tú na codannaábhartha thíos

| | |
|---|---|
| Úinéir-áititheoir | ☐ |
| Le do thuismitheoirí | ☐ |
| Le gaolta/cairde | ☐ |

3. Má roghnaigh tú **cóiríocht phríobháideach ar cíos,** déan cinnte le do thoil go gcomhlánaíonn tú na codanna ábhartha thíos

| | |
|---|---|
| Ag fáil Forlíonadh Cíosa | ☐ |
| Gan abheith ag fáil Forlíonadh Cíosa | ☐ |

Luaigh an méid Forlíonta Císa in aghaidh na seachtaine

€

An dáta ar cuireadh tús le híocaíocht an Fhorlíonta Cíosa i leith an seoladh reatha

L L M M B B

## Faisnéis faoin gCíos (más i gcóiríocht ar cíos atá t faoi láthair)

1. Tosach na tionóntachta dáta

L L M M B B

Cíos seachtainiúla

€

2. An bhfuil tú chun deiridh leis an gcíos? Tá ☐ Níl ☐

Má tá, luaigh méid na riaráistí

€

3. An bhfuil fógra um fhoirceannadh faighte agat? Tá ☐ Níl ☐

Más amhlaidh, sonraigh an chúis

## Cén cineál cóiríochta atá agat anois?

**Cuir tic sa bhosca agus déan cur síos leis.**

- Árasán ☐
- Teach Leaba is Bricfeasta ☐
- Carbhán ☐
- Teachín ☐
- Teach lae ☐
- Ionad Soláthair Dhírigh ☐
- Tithíocht ghrúpa ☐
- Cuan i láithreán stad ☐
- Ospidéal ☐
- Brú ☐
- Teach ☐
- Institiúid ☐
- Teaghasán ☐
- Teach soghluaiste ☐
- Ceann ar bith/eile ☐
- Príosún ☐
- Tearmann ☐
- Scáthchóiríocht ☐
- Cóiríocht idirthréimhseach ☐

Cur síos air, m.sh. aonad leathscoite, scoite, sraithe, bungaló, srl.

## Cé acu de na ráitis ag seo a leanas a bhfuil an cur síos is fearr ar an gcúis atá agat le tacaíocht a lorg?

- Forais mhíchumais ☐
- Díshealbhú/fógra um fhoirceannadh ☐
- Damáiste dóiteáin/eile ☐
- Gan dídean ☐
- Áiseanna comhroinnte neamhdheonacha ☐
- Forais mhíochaine ☐
- Iomarca daoine ann ☐
- Áras tuismitheora/teaghlaigh (comhroinnt neamhdheonach) ☐
- Méadú sa chíos ☐
- Ní féidir cóiríocht a sholáthar ó d'acmhainní féin ☐
- Cóiríocht neamhoiriúnach ☐
- Morgáiste neamh-iniompartha ☐

Eile, cuir síos mionsonraí faoi

## Sonraigh na háiseanna atá ar fáil do do theaghlach sa chóiríocht atá agaibh faoi láthair

- Seomra folctha ☐
- Seomra leapa – sonraigh an líon díobh ☐
- Téamh lárnach ☐
- Cistin ☐
- Seomra suite ☐
- Leithreas ☐
- Soláthar uisce – fuar ☐
- Soláthar uisce – te ☐

# CUID 7: STAIR CHÓIRÍOCHTA

**Cuir síos mionsonraí faoin gcóiríocht don tréimhse 5 bliana is deireanaí, mura miste.**

| Seoladh | Cineál tionachta (e.g. úinéir, cíos príobháideach, ag fanacht le gaol, srl.) | Dátaí ag an seoladh Ón LL/MM/BB | Go dtí LL/MM/BB | An fáth ar fhág tú é |
|---|---|---|---|---|
| | | — | | |
| | | — | | |
| | | — | | |
| | | — | | |
| | | — | | |

## Faisnéis faoi chóiríocht de chuid aon údaráis áitiúil/Comhlachta Ceadaithe Tithíochta/na Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC)

1. Cuir síos sonraí, le do thoil, faoi dhátaí agus fad na tionóntachta, faoi aon teaghais nó láithreán arna soláthar ag údarás áitiúil, nó ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, a bhí amach ar cíos ag an teaghlach, nó ar díoladh é leis an dteaghlach **ag am ar bith roimhe seo**. Ba chóir litir a sholáthar ón údarás áitiúil ina raibh tú féin nó aon bhall de do theaghlach mar thionónta dá chuid in aon tionóntacht a bhí ann roimhe seo.

2. Tabhair sonraí, le do thoil, agus dátaí agus fad na tionóntachta san áireamh leo, faoi aon teaghais a bhí amach ar cíos leis an teaghlach nó le haon bhall den teaghlach faoi chomhaontú tionóntachta na **Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC)** ag tráth ar bith roimh don iarratas a bheith déanta.

# CUID 8: RIACHTANAIS TITHÍOCHTA

**Léirigh cad é an cineál tacaíochta tithíochta sóisialta is fearr a fhreastalaíonn ar do chuid riachtanas.**

- An tithíocht oiriúnaithe ☐
- Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT) ☐
- Teaghais in-díshuite (féach thíos) ☐
- Síneadh le teach de chuid údaráis áitiúil ☐
- Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)* ☐
- An Scéim um Oibreacha Feabhsúcháin In Ionad (IWILanna) ☐
- An Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) ☐
- Cóiríocht ar cíos ó na húdaráis áitiúla ☐
- Tithíocht aon-urláir ☐
- Teaghais aonuaire thuaithe (féach thíos) ☐
- Suíomh le haghaidh teach príobháideach ☐
- Aistriú (cuir uimhir chuntais an chíosa leis thíos, más ábhartha)* ☐
- Grúpthithíocht don Lucht Siúil ☐
- Ba láithreán stad don Lucht Siúil ☐
- Oiriúnaithe do chathaoir rothaí ☐

*Teastaíonn foirmeacha iarratais ar leith, pléigh leis an údarás áitiúil.

## Tithe Tuaithe Aonair

**Nóta: Caithfidh an láithreán atá le haistriú a bheith glan ó aon ualaí, bíodh siad ualaí airgeadais nó aon chineál d'ualach eile.**
Ní mór na nithe ag seo a leanas a sholáthar:

1. Fianaise dlí ar cheart slí don údarás chuig na tailte ón mbóthar poiblí is gaire leo.
2. Sonraí faoi na tailte go léir atá faoi úinéireacht agat, lena n-áirítear cáipéisí teidil nó mionnscríbhinn sínithe ó aturnae ina ndeimhnítear go bhfuil na tailte cláraithe faoi d'úinéireacht nó faoi úinéireacht an duine a sholáthraíonn an láithreán.
3. Dearbhú i scríbhinn go bhfuil sé ar intinn an láithreán a aistriú chuig an údarás áitiúil saor in aisce.
4. Aontú déanta agat (nó ag úinéir na dtailte) i scríbhinn go bhfuil an cinneadh deiridh maidir le suíomh an teachín beartaithe ar na tailte, faoi réir go gcáileoidh tú don tacaíocht tithíochta sóisialta, faoi lánrogha an údaráis áitiúil amháin.
5. Aon cháipéisí eile, mar shampla léarscáileanna suímh/leagan amach an láithreáin, a ghabhann leis an iarratas agus atá á n-iarraidh ag an údarás.

| Ainm agus seoladh úinéir an láithreáin mholta: | Suíomh cruinn an láithreáin (lena n-áirítear an baile fearainn): |
|---|---|
| | |

## Teaghais In-Díshuite

Ní mór na nithe ag seo a leanas a sholáthar:

1. Litir ó úinéir an láithreáin, agus deimhniú inti go bhfuil sé/sí sásta cead a thabhairt aonad in-aistrithe a áitiú ar an talamh.
2. Cóip de mhapa an láithreáin.

| Ainm agus seoladh úinéir an láithreáin mholta: | Suíomh cruinn an láithreáin (lena n-áirítear an baile fearainn): |
|---|---|
| | |

### Cóiríocht ar Fhorais Leighis nó Míchumais

**Mar thacaíocht le d'iarratas ar fhorais mhíochaine nó mhíchumais, déan cur síos ar na sonraí seo a leanas chomh maith le Foirm Faisnéise Leighis agus/nó Míchumais comhlánaithe (Foirm 1 HMD), atá ar fáil ó d'údarás áitiúil:**

| | |
|---|---|
| Ainm an ball den teaghlach a bhfuil riocht míochaine/míchumas marthanach air a rachadh a bhfuil tionchar aige sin ar an gcineál tithíochta atá ag teastáil uait. | |
| Cineál an riocht míochaine nó an mhíchumais agus tagairt faoi an riocht buan atá ann nó nach ea. | |
| Nuair is ábhartha, an cineál cóiríochta (e.g. ar urlár na talún), agus aon oiriúnuithe sonracha a theastaíonn mar gheall ar an riocht míochaine míchumas. (Tuarascáil an teiripeora saothair le bheith curtha isteach chun tacú leis an iarratas) | |

## CUID 9: BONN LEIS AN IARRATAS

**An bonn leis an iarratas:** COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ATHA CLIATH

**NB: tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir leat iarratas a dhéanamh ar thacaíocht tithíochta sóisialta ach le haon údarás áitiúil amháin, agus ní mór don údarás áitiúil sin ceann de na coinníollacha ag seo a leanas a shásamh:**

i. Údarás áitiúil a bhfuil cónaí ort ina limistéar feidhme faoi láthair
ii. Údarás áitiúil a bhfuil nasc agat leis an gceantar ina bhfuil a limistéar feidhme, nó
iii. Tá cúiseanna eile ann ar cheart don údarás áitiúil glacadh le d'iarratas ar thacaíocht.

**Nóta: ciallaíonn nasc áitiúil:**

- Tá nó bhí cónaí ar bhall den teaghlach le tréimhse leanúnach 5 bliana ag am ar bith sa limistéar i gceist; nó
- Tá an áit ina bhfuil aon bhall den teaghlach ag obair lonnaithe sa limistéar i gceist nó tá sé suite laistigh de 15 ciliméadar ón gceantar; nó
- Tá ball den teaghlach san oideachas lánaimseartha in aon ollscoil, coláiste, scoil nó institiúid oideachais eile sa limistéar ábhartha; nó
- Tá ball den teaghlach a bhfuil lagú corpartha, céadfach, meabhairshláinte nó intleachtúil air ag freastal ar institiúid oideachais nó leighis sa limistéar ábhartha a bhfuil áiseanna nó seirbhísí curtha ar fáil ann a bhaineann go sonrach leis an lagú sin; nó
- Tá gaol le ball den teaghlach ina chónaí sa cheantar ábhartha agus tá cónaí air ansin le 2 bhliain anuas ar a laghad (sa chás seo, ciallaíonn gaol - tuismitheoir, leanbh fásta nó siblín, agus d'fhéadfadh gaol eile mar leas-tuismitheoir, seantuismitheoir, garpháiste, aintín nó uncail a áireamh leis chomh maith más rud é go bhfuil dlúthnasc aige le ball den teaghlachgur gealltanas nó spleáchas é).

1. Léirigh cad é an bonn le d'iarratais mar seo a leanas (ba cheart tic a chur ach le haon bhosca amháin):

   Is gnách go gcónaíonn an teaghlach i gceantar an údaráis áitiúil ☐

   Tá nasc ag an teaghlach leis an gceantar áitiúil i limistéar an údaráis áitiúil. ☐
   Sonraigh an cineál nasc atá i gceist leis an gceantar áitiúil (féach an nóta thuas)

   Ba cheart don údarás áitiúil an t-iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta a mheas ar na cúiseanna/na cúiseanna seo a leanas ☐

2. An bhfuil tú féin nó aon bhall den teaghlach ar liosta tithíochta le haon údarás áitiúil eile? Tá ☐ Níl ☐

   Má tá, líon isteach ainm an bhaill den teaghlach agus an údaráis áitiúil ar ar chuir siad isteach ar thacaíocht tithíochta sóisialta.

| Ball den teaghlach: | Údarás áitiúil: |
|---|---|
| | |

## Ceantair Roghnaithe**

**Cuir tic leis na ceantair, laistigh de limistéar an údaráis áitiúil, a nglacfá le tairiscint don chóiríocht iontu.**

Is féidir tic a chur le 3 cheantar roghnaithe ar a mhéad ón liosta roghnaithe de cheantair ag seo a leanas. Tabhair faoi deara le do thoil nach liostú tosaíochta é liostú na gceantar roghnaithe ar an bhfoirm iarratais, i.e. meastar go bhfuil an tosaíocht chomhionann ag na ceantair roghnaithe go léir atá sonraithe ar an bhfoirm. **Ba cheart é a thabhairt faoi deara go bhfuil gealltanas tugtha agat do na ceantair roghnaithe seo ar feadh tréimhse 12 mhí.**

| | **Comhairle Contae Átha Cliath Theas** | | **Comhairle Contae Fine Gall** | | **Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** |
|---|---|---|---|---|---|
| ☐ | Taobh ó Thuaidh de Bhóthar an Náis | ☐ | Baile Brigín | ☐ | Baile an tSaoir / Baile Uí Ógáin |
| ☐ | Taobh ó Dheas de Bhóthar an Náis | ☐ | Baile Bhlainséir | ☐ | An Baile Breac / Seanchill |
| | | ☐ | Mullach Íde / Binn Éadair | ☐ | An Charraig Dhubh /Stigh Lorgan |
| | | ☐ | Sord | ☐ | Dún Laoghaire /Deilginis |

| | **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | | **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | | **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** |
|---|---|---|---|---|---|
| ☐ | Limistéir B:<br>Ard Aidhin, Coill an Phrióra, An Chúlóg, Domhnach Cearna, Cill Easra, Ráth Eanaigh, Darndál, An Chill Mhór, Beaumont, Domhnach Míde, Éadan Mór, Marino, Cluain Tarbh, Cill Bharróg | ☐ | Limistéir J:<br>Baile Formaid, An Cloigín Gorm, Séipéal Iosóid, Inse Chór. | ☐ | Limistéir N:<br>Raghnallach, Crois Araild, Ráth Maonais, Tír an Iúir |
| ☐ | Limistéir D:<br>Baile Munna, Crann Phapáin | ☐ | Limistéir K:<br>Cromghlinn, Baile Bháilcín, Camaigh, Droimeanach | ☐ | Limistéir P:<br>Sráid an Teampaill, Cé Urumhan, Sráid an Rí Thuaidh, Gairdíní Uí Dhuibheannaigh, Stáid na Seansaireachta |
| ☐ | Limistéir E:<br>Baile an Ásaigh, Ascaill an Chiardhuibh, Seantrabh, An Halla Bán, An Chabrach, Fionnghlas, Glas Naíon | ☐ | Limistéir L:<br>Clann Bhreasail, An Com/Maryland, Cill Mhaighneann, Charlemount, Sráid Eabhrac, Rialto, Sráid San Seamas, Cé Uiséir, An Carnán | | |
| ☐ | Limistéir H:<br>An Baile Bocht, Baile Phib, Sráid Dorset/Sráid Dhoiminic, An Port Thoir, An Trá Thuaidh, Cnoc an tSamhraidh, Sráid an tSirriam. | ☐ | Limistéir M:<br>Cé na Cathrach, An Rinn, An Baile Gaelach, Domhnach Broc, Stáid an Mhóta, Sráid an Phiarsaigh | | |

** Ba cheart é a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh teaghlach a shásaíonn an coinníoll cónaithe nó an coinníoll maidir le nasc áitiúil suas le trí cheantar roghnaithe a shonrú chun tacaíocht a fháil laistigh de limistéar na n-údarás áitiúil go léir sa chontae agus sa chathair atá i gceist agus, má tá sé cáilithe, cuirfear isteach é ar liosta feithimh tithíochta gach aon cheann de na húdaráis áitiúla sin. Dá réir sin, agus de réir na socruithe atá ann faoi láthair, is féidir le teaghlach a chuireann iarratas isteach ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar shampla, más rud é go bhfuil siad cáilithe leis an tacaíocht agus má roghnaíonn siad go ndéanfaí amhlaidh, a bheith curtha leis an liosta feithimh le haghaidh trí cinn de na ceithre údarás áitiúla i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath (déantar mar an gcéanna i gCorcaigh agus i nGaillimh).

# CUID 10: FAISNÉIS EILE FAOIN AONAD MAOINE

**Déanfaidh an t-údarás áitiúil faisnéis sa chuid seo a chros-seiceáil leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an UPSP/na UPSPanna atá soláthraithe.**

| | IARRATASÓIR 1 | | BALL EILE DEN TEAGHLACH | |
|---|---|---|---|---|
| 1. An bhfuil aon réadmhaoin agat féin nó ag aon bhall de do theaghlach faoi láthair, nó an bhfuil leas airgeadais agat féin nó ag ball de do theaghlach in aon réadmhaoin, in Éirinn nó in aon tír eile? (Cuir na cáipéisí/mionnscríbhinn a ghabhann leis isteach) | Tá ☐ | Níl ☐ | Tá ☐ | Níl ☐ |
| 2. Má tá, an bhfuil an mhaoin folamh? | Tá ☐ | Níl ☐ | Tá ☐ | Níl ☐ |
| Seoladh an aonad maoine | | | | |

# CUID 11: CIONTA OIRD PHOIBLÍ AGUS FAISNÉIS EILE

## Cionta Oird Phoiblí

Faoi Alt 14 Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997, féadfar d'údarás áitiúil leithdháileadh teaghaise a dhiúltú nó a chur siar sa chás go measann an t-údarás go bhfuil nó go raibh an duine i gceist ag gabháil d'iompar frithshóisialta nó nach rachadh leithdháileadh leis an duine sin chun leasa na dea-bhainistíochta eastáit.

Sa tréimhse 5 bliana a tháinig díreach roimh dháta an iarratais seo, sonraigh más ea gur ciontaíodh aon duine den teaghlach i gcion faoi aon cheann de na forálacha reachtúla ag seo a leanas (1-4)?

1. An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 — Is ea ☐ Ní hea ☐
   Alt 5: Iompar mí-ordúil in áit phoiblí
   Alt 6: Iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí
   Alt 7: Ábhar atá bagrach, maslach, tarcaisneach nó graosta a dháileadh nó a chur ar taispeáint in áit phoiblí
   Alt 14: Círéib
   Alt 15: Míord foréigneach, nó
   Alt 19: Ionsaí nó bac ar oifigeach síochána

Más amhlaidh atá, luaigh mionsonraí faoi, le do thoil (lena n-áirítear ainm, seoladh agus mionsonraí faoin gcion):

2. Alt 3, Alt 3A agus Alt 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997: hea faoi réir ordú eisiata nó ordú eisiata eatramhach — Is ea ☐ Ní hea ☐

Más amhlaidh atá, luaigh mionsonraí faoi, le do thoil (lena n-áirítear ainm, seoladh agus mionsonraí faoin ordú eisiamh/ordú eisiamh eatramhach):

3. Alt 117 an Achta um Cheartas Coiriúil, 2006: maineachtain gníomhú de réir hea ordú iompair — Is ea ☐ Ní hea ☐

Más amhlaidh atá, luaigh mionsonraí faoi, le do thoil (lena n-áirítear ainm, seoladh agus mionsonraí faoin gcion):

4. Alt 257F d'Acht na Leanaí 2001 (Uimh. 24 de 2001): mainneachtain ordú hea iompair a chomhlíonadh — Is ea ☐ Ní hea ☐

Más amhlaidh atá, luaigh mionsonraí faoi, le do thoil (lena n-áirítear ainm, seoladh agus mionsonraí faoin gcion):

## Faisnéis Eile

5. An ndearna tú féin, nó aon duine de na daoine eile atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais seo, suiteoireacht riamh i dteach cónaithe de chuid údaráis áitiúil? Rinne ☐ Ní dhearna ☐

6. Más amhlaidh, luaigh an seoladh agus na dátaí ina rabhthas ag áitíocht

Seoladh

Ó ☐☐☐☐☐☐ L L M M B B    Go dtí ☐☐☐☐☐☐ L L M M B B

7. Ar díshealbhaíodh tú féin, nó aon duine de na daoine eile atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais seo ó aonad cóiríochta roimhe seo? Más amhlaidh atá, luaigh mionsonraí faoin díshealbhú chomh maith leis an gcúis gur tharla sé (má tá níos mó spáis uait, cuir leathanach eile leis, i gceangail):

# CUID 12: FAISNÉIS EILE

Cuir síos aon fhaisnéis eile a mheasfá a bheith ábhartha maidir le d'iarratas.
(má theastaíonn níos mó spáis uait, cuir leathanach eile i gceangail leis)

# Iarratas ar
# DEARBHÚ UM THACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA

**Léigh an fhaisnéis seo a leanas faoi bhailiú agus úsáid do chuid sonraí pearsanta agus an dearbhú go cúramach. Níor cheart an dearbhú a shíniú agus a dhátú ach amháin más rud é go bhfuil tú sásta go huile is go hiomlán go dtuigeann tú an fhaisnéis uile atá san fhoirm seo. Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir glacadh le hiarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta ach amháin más rud é go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe go críochnúil, agus an dearbhú seo sínithe.**

## Bailiú agus Úsáid Sonraí Pearsanta

Úsáidfear na sonraí UILE a sholáthraíonn tú agus an fhoirm seo á comhlánú agat (lena n-áirítear aon sonraí pearsanta a chuireann tú isteach inti) chun d'iarratas ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a mheas agus a riar. Ligtear don údarás áitiúil do chuid sonraí a roinnt le comhlachtaí poiblí eile, de réir an dlí, in imthosca áirithe. Mar shampla, féadfar dúinn do chuid sonraí a roinnt leis an bPríomh-Oifig Staidrimh de réir an Achta Staidrimh, 1993. Féadfar na sonraí a sholáthraíonn tú agus an t-iarratas seo á gcomhlánú agat a roinnt le Gníomhaireacht Bainistíochta anRialtais Áitiúil (LGMA) agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta d'fhonn ceanglas reachtúil a chomhlíonadh chun Achoimre Bhliantúil ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta a sholáthar, lena n-áirítear tuarascálacha staidrimh a réiteach ar an mbonn náisiúnta lena dtreorófar an beartas agus an phleanáil don todhchaí i dtéarmaí an riachtanais tithíochta náisiúnta.

Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige faoi Achtanna na dTithe 1966-2014, féadfar don údarás áitiúil faisnéis a iarraidh agus a fháil ó eagraíochtaí eile. Áirítear leo siúd údaráis áitiúla eile, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), na Coimisinéirí Ioncaim nó Comhlacht Ceadaithe Tithíochta i ndáil le háititheoirí nó áititheoirí ionchasacha tithíochta údaráis áitiúil, nó iarratasóirí ar thithíocht údaráis áitiúil. Féadfar do chuid sonraí a bheith roinnte le comhlachtaí poiblí eile de réir an dualgas atá orainn chun an chalaois a chosc agus a bhrath.

Tá feidhm iomlán ag do chearta mar ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus tá siad leagtha amach go soiléir i Ráiteas Príobháideachta Comhairle Cathrach Bhaile Atha Cliath

Tá cóipeanna de ar fáil ó dublincity.ie-privacy-statement

Má tá aon cheist agat faoi do chearta faoin RGCS, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Comhairle Cathrach Bhaile Atha Cliath. Nó d'fhéadfá teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) freisin.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le dataprotection@dublincity.ie

Fón: 01 222 3775

R-phost: dataprotection@dublincity.ie

## Dearbhú

1. Dearbhaím (nó dearbhaímid) gur fíor agus ceart an fhaisnéis agus na sonraí atá curtha síos agam féin (nó againne) san iarratas seo.

2. Geallaim (nó geallaimid) go dtabharfaidh mé (nó go dtabharfaimid) fógra don údarás áitiúil faoi aon athrú a thagann ar mo chúinsí (nó ar ár gcúinsí) teaghlaigh, leithéidí athrú seolta, athrú sna daoine atá sa teaghlach, athrú ina gcuid pá nó íocaíochtaí, nó coinníollacha míochaine, má bhíonn athrú dá leithéid i gcoinne na sonraí atá curtha síos againn san fhoirm seo.

3. Aontaím (nó aontaímid) freisin gur féidir leis an údarás áitiúil cibé fiosrúcháin a mheasann sé a bheith riachtanach chun seiceáil go bhfuil na sonraí san iarratas seo ceart.

4. Tuigimse (nó tuigimidne) go bhfuil sé in aghaidh an dlí faisnéis bhréagach a chur síos ar an bhfoirm seo agus gur féidir mise (nó muidne) a ionchúiseamh as gníomh dá leithéid.

5. Tuigimse (nó tuigimidne) go roinnfear mo chuid (nó ár gcuid) sonraí pearsanta leis an LGMA, agus leis ann Gníomhaireacht Tithíochta chun na críocha atá leagtha amach thuas.

6. Tuigimse (nó tuigimidne) nach roinnfear mo chuid (nó ár gcuid) sonraí pearsanta le comhlachtaí poiblí eile ach amháin faoi mar a bhfuil foráil déanta leis sa dlí.

7. Tuigimse (nó tuigimidne) go bhféadfar go ndúnfaí m'iarratas (nó ár n-iarratas) ar thithíocht mura ndéantar freagra ar iarratas ar fhaisnéis nuashonraithe, mar chuid den phróiseas um Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta.

**Iarratasóir 1**

Síniú ______________________ Dáta [ ][ ][ ][ ][ ][ ]
L L M M B B

**Iarratasóir 2**

Síniú ______________________ Dáta [ ][ ][ ][ ][ ][ ]
L L M M B B

## ****TABHACHTACH – FOSTAITHE IONCAIM DOICIMEAD CEACHT**

Mar a thagraítear dó sa seicliosta ar leathanach 3 d'fhianaise 12 mhí roimh dháta an iarratais a chur isteach tri theaglaim diobh seo a leanas:

**An Bhliain Reatha**

Duillíní pá do gach fostaíocht
nó
Achiomre Pá agus Cánach (bliain go dtí seo)
Is féidir é seo a fháil ó sheirbhís are line na gCoimisinéirí Ioncaim, myAccount. Áireofar leis seo gach fostaíocht sa bhlain reatha seo go dtí seo.

**An Bhliain Roimhe Sin**

Ráiteas Dliteanais
Is féidir é seo a fháil trí sheirbhís ar line na gCoimisinéirí Ioncaim, trí mo Chuntas nó tríd'oifig cánach áitiúil.
Agus
Achoimre Sonraí Fostaíochta
Is féidir é seo a fháil ó Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim, myAccount.

## Faisnéis Teagmhála agus Seoladh Tuairisceáin

Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait, téigh I dteagmháil le do thoil Leithdháilti Tithíochta agus Aistriú ar 01 2222201

Ba cheart an fhoirm iarratais bhunaidh a chomhlánú ina hionláine, abheith sínithe ag iarratasóirí agus a chur sa seoladh thíos leis an doiciméadacht riachtanach go léir.

Leithdháiltí agus Aistrithe Tithíochta
Bloc 2 Urlár 1
Oifigí Cathartha
Cé Adhmaid
Baile Átha Cliath 8
D08 RF3F

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Teileafón: 01-2222201
Ríomphost: allocations@dublincity.ie
Suíomh Gréasáin: www.dublincity.ie